I mí Feabhra, d'óstáil QQI an chomhdháil Exploring Models of Success a dhírigh ar thábhacht na forbartha gairmiúla dóibh siúd a bhfuil baint acu le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama, agus bainistíocht oideachais a fheabhsú i measc réimsí eile.

Meascán de chainteoirí, ceardlanna agus díospóireachtaí painéil náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí i gceist ar an ócáid agus chruthaigh sé deis chun líonrú trasearnála a dhéanamh le píaraí san earnáil oideachais

agus oiliúna treasach.. I measc an lucht freastail bhí siad siúd a bhfuil baint acu le hoideachas líne tosaigh, agus le bainistíocht acadúil, chomh maith le lucht déanta beartas, foireann tacaíochta agus iad siúd atá i ról dearbhaithe cáilíochta i réimsí an ardoideachais, an bhreisoideachais agus na hoiliúna agus in Oideachas Béarla.

Sraith Seimineár Foghlama Cumaiscthe

Mar chuid dá fhreagairt ar COVID-19 chun tacú le cleachtóirí Dearbhaithe Cáilíochta agus leo siúd a bhfuil baint acu le bainistíocht acadúil sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, d'fhorbair QQI 'Sraith Seimineár Foghlama Cumaiscthe' i gcomhar le saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil taithí acu. Dhírigh na seimineáir ar sheachadadh cumaiscthe rathúil, ó thaobh dearbhaithe cáilíochta de, a chur i bhfeidhm. Cuireadh fáilte mhór roimh an tsraith le figiúirí tinrimh os cionn 170 ar fud na n-earnálacha BOO agus AO agus leanfaidh imeachtaí ar aghaidh isteach in 2021.

Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré

In 2020, tugadh isteach roinnt socruithe nuálacha maidir le RPL, a chuirfidh le caighdeán an oideachais agus na hoiliúna chun leasa foghlaimeoirí. Téitear i gcomhairle le QQI go rialta i bhforbairt tionscnaimh, agus spreagtar go leor acu go horgánach ó thionscadail eile sa réimse. Chuir Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI) tús le meastóireacht ar TOBAR, treoirthionscadal leis na Fórsaí Cosanta. Bhí QQI páirteach sa ghrúpa tagartha don mheastóireacht. Soláthraíonn SOLAS 'Maoiniú Nuálaíochta'; Fuair ETB Dhún na nGall Maoiniú Nuálaíochta agus chuir siad tús le tionscnamh ar leith i gcomhpháirtíocht le ETB Luimnigh An Chláir ag úsáid RPL chun scileanna oibríthe sláinte agus cúraim shóisialta a aithint agus a chreidiúnú.

Cheap ETB Dhún na nGall Oifigeach RPL freisin chun tacaíocht ar fud an chontae a sholáthar do RPL. Déantar soláthar sa chlár náisiúnta

Gruaigeadóireachta, a chomhordaíonn ETB Luimnigh An Chláir, do RPL maidir le rochtain, díolúintí agus don dámhachtain. Léirigh tuarascáil ‘Tionchar Mhionathruithe COVID-19 ar Mhúinteoireacht, Foghlaim agus Measúnú i mBreisoideachas agus Oiliúint agus Ardoideachas na hÉireann’ gur úsáideadh AFRR chun críocha cabhrú le foghlaimeoirí measúnú céim dámhachtana a dhéanamh i socrúcháin, de ghnáth in BOO.

Ar leibhéal na hEorpa, tuairiscíonn QQI thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna ó 2012 ar dhul chun cinn go náisiúnta i gcur i bhfeidhm Mholadh 2012 maidir le Bailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus Mífhoirmiúla. In 2020 d’fhoilsigh an Coimisiún an ‘nuashonrú ar an bhfardal Eorpach ar bhailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus mífhoirmiúla 2018’: Éire’, meastóireacht ar dhul chun cinn maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL) a chur i bhfeidhm de réir an Mholta ar chuir QQI go láidir leis.

In 2020 ghlac QQI páirt i ngrúpaí téamacha mar chuid de Ghrúpa Comhairleach an EQF, go háirithe ag ullmhú an athbhreithnithe ar Threoirlínte AE maidir le Bailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus Mífhoirmiúla agus Bailíochtú do Phleanáil Féilte.

Measúnú obair-bhunaithe

D’óstáil QQI, i gcomhpháirtíocht leis an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama, trí imeacht ar mheasúnú obair-bhunaithe in 2020. Bhí dhá sheimineár gréasáin ann mar aon le Siompóisiam Náisiúnta lae ar Mheasúnú Obair-bhunaithe ina dhiaidh sin.

Cumhachtú agus Comhpháirtíocht i Rannpháirtíocht Mac Léinn

I mí na Samhna, chomh-óstáil QQI, NStEP agus StudentSurvey.ie comhdháil comhpháirteach ar líne ar ‘Cumhachtú agus Comhpháirtíocht i Rannpháirtíocht Mac Léinn’. Áiríodh sa chomhdháil le tacaíocht ó USI, óráid tosaigh ón Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD agus bhí painéal saineolaithe idirnáisiúnta cáiliúla ann. Bhí os cionn 200 ionadaí i láthair ó institiúidí ardoideachais, idir phoiblí agus phríobháideach, eagraíochtaí breisoideachais agus oiliúna, agus eagraíochtaí ionadaíocha.

Breisiú na hIomláine Acadúla

Mar chuid den tionscnamh feabhsúcháin don tionscadal Ionracas Acadúil rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Tionóladh Seachtain Náisiúnta um Ionracas Acadúil i mí Dheireadh Fómhair 2020. Óstáladh an tseachtain seo i gcomhthráth leis an Líonra Eorpach um Ionracas Acadúil (ENAI) agus Lá Gníomhaíochta Idirnáisiúnta an Ionaid Idirnáisiúnta um Ionracas Acadúil (ICAI) i gcoinne Caimiléireachta Conartha. Bhí an tseachtain comhdhéanta de 14 seisiún arna n-óstáil nó tugtha ag baill an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil, díospóireachtaí painéil arna n-óstáil ag ENAI agus seisiún a reáchtáil QQI don ICAI.
- Sraith de sheimineáir ghréasáin iomláine acadúla a thabhairt isteach ag díriú ar théamaí a mhol baill an Líonra. Thug saineolaithe idirnáisiúnta sa réimse dhá sheimineár gréasáin ar fáil in 2020.
- Comhroinnt acmhainní trí Stór Acmhainní tiomsaithe ar shuíomh Gréasáin QQI, ailt, foilseacháin agus naisc a roinntear ar fud an Líonra.

C. Déanfaimid anailís chúramach agus tuairisceoidimid ar thorthaí an chórais cháilíochtaí chun eolas a chur ar fáil do chinnteoirí oideachais agus do chinnteoirí margadh saothair.

Sraith Sonraí QQI


D'fhoilsigh QQI [Deimhniú Mórdhámhachtainí QQI 2014-2018](#), an chéad cheann i sraith nua ag iniúchadh sonraí QQI chun cur le tuiscint níos fearr ar cháilíocht agus ar cháilíochtaí in oideachas agus oiliúint iar-mheánscoile.

Cuideoidh Sraith Sonraí QQI le beartas a threorú agus tionchar a imirt air agus rannchuideoidh sé le forbairt leanúnach chórais oideachais, oiliúna agus cáilíochtaí na hÉireann.

Tá QQI ag súil freisin go gcuideoidh an tsraith le foghlaimoirí, céimithe, fostóirí, comhlachtaí aitheantais gairmiúla, rialtóirí agus lucht déanta beartas tionchar na mbeart a ghlacann QQI a thaispeáint chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn agus an bonneagar cáilíochtaí náisiúnta a athbhreithniú agus a fheabhsú.

D'fhoilsigh QQI anailís ar shonraí [deimhniúcháin QQI do 2019](#) freisin agus d'fhorbair sé anailís fadaimseartha úrna ar shonraí ar cháilíochtaí a bhaineann le cúram leanaí a fhoilseofar in 2021.

CÁS-STAIDÉAR I MBAILÍOCHTÚ: MICRIDHINTIÚIR



Tagraíonn micridhintiúir do cháilíocht (dámhachtain) a éiríonn as pacáiste foghlama ‘beag’, nuair a thagraíonn ‘beag’ don chreidmheas a bhaineann leis an dámhachtain. Le blianta fada tá dámhachtainí beaga déanta ag QQI i.e. miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus forlíontacha in earnálacha BOO agus AOO araon, ach níor úsáideadh an téarma micreadhintiúir chun cur síos a dhéanamh ar na dámhachtainí seo roimhe seo. Chomh maith leis sin, in HET, cuireadh teorainn níos ísle de 10 ECTS i bhfeidhm ar chlár a cuireadh isteach le haghaidh bailíochtú.

In 2020, áfach, chuir tionscnamh rialtais, mar chuid de phacáiste spreagtha Iúil 2020, maoiniú ar fáil chun micridhintiúir a sheachadadh san ardoideachas. Ceadaíodh IAOanna poiblí agus príobháideacha le haghaidh maoiniú chun cláir ghearra a thairiscint d’fhoghlaimeoirí atá ag lorg breisoiliúna nó athoiliúna. Critéar amháin den mhaoiniú seo ba chóir go mbeadh aon chlár den sórt sin bunaithe ar mhodúl ó chlár a bhailíochtaigh QQI nó comhlacht bronnta Éireannach eile. Cé nach raibh aon cheanglas ann go mbeadh dámhachtain mar thoradh ar an

gclár modúlach féin, d’aontaigh QQI agus IAOanna príobháideacha go n-éascódh QQI iarratais ar bhailíochtú i gcás cláir mhodúlacha den sórt sin ina raibh soláthraí ag iarraidh cáilíocht a thairiscint d’fhoghlaimeoirí a rinne an clár. D’aontaigh QQI glacadh le cláir chomh beag le 5 ECTS agus chuir sé próiseas meastóireachta sruthlínithe i bhfeidhm mar aitheantas go raibh na modúil mar chuid de chlár bailíochtaithe cheana féin.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuarthas 10 n-iarratas ar bhailíochtú micridhintiúir. Rinneadh sé cinn díobh a bhailíochtú i Nollaig 2020.

Áiríodh ar dhisceiplíní an chláir Anailísíocht Sonraí, Forbairt Bogearraí, Bainistíocht Tionscadal, Margaíocht, Oideachas Speisialta, Rialáil i dTionscal na Cógaisíochta agus Cur Chuige Cruthaitheach i leith Réiteach Fadhbanna.

Táthar ag súil go bhfeabhsóidh cláir den sórt sin deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna d’fhoghlaimeoirí atá buailte ag an bpaindéim.

TOSAÍOCHT 3

Comhoibriú agus Rannpháirtíocht

B. Rachaimid i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí gairmiúla aitheantais chun ár gcion a dhéanamh chun beartas comhordaithe a bhaint amach i dtaca le riachtanais scile, rialacháin agus caighdeán agus cáilíochtaí gaolmhara gairme.

Forais Ghairmiúla agus Rialála

LeQQI lena chlár rannpháirtíochta leis na comhlachtaí gairmiúla reachtúla agus rialála (PSRBanna) le linn 2020. Is é aidhm na rannpháirtíochta seo ról na bpáirtithe uile atá ag feidhmiú mar chuid den chreat náisiúnta dearbhaithe cáilíochta a shoiléiriú (i.e. na IAOanna, na PSRBanna agus QQI); faisnéis a roinnt; agus muinín idir na páirtithe sin a mhéadú. Le cuidiú le dea-chleachtas a roinnt agus cumarsáid a éascú sna cúinsí dúshlánacha ba chúis leis an bpaindéim COVID-19, reáchtáil QQI trí sheimineár gréasáin leis na PSRBanna agus IAOanna i rith na bliana. Chuathas i gcomhairle freisin leis an earnáil ar shraith prionsabal creidiúnaithe ardleibhéil a bhfuil sé d'aidhm acu ualach riaracháin na bpróiseas gairmiúil creidiúnaithe/ceadaithe agus bailíochtaithe acadúla a laghdú.

Bunaithe ar chruinnithe le hionadaithe an PSRB agus aiseolas a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán ar na prionsabail chreidiúnaithe, féachtar ar QQI níos mó agus níos mó mar chumasóir cumarsáide idir na PSRBanna agus IAOanna agus tá an dá PSRB agus comhlachtaí ionadaíochas IAO tar éis dul i dteagmháil leis chun comhairle a fháil agus chun cumarsáid idir an dá ghrúpa a éascú. Chuir dhá PSRB in iúl do QQI gur thagair siad do na dréachtphrionsabail chreidiúnaithe san

athbhreithniú ar a gcuid beartas agus critéar creidiúnaithe féin. Déanfaidh PSRBanna, IAOanna agus QQI doiciméad na bprionsabal creidiúnaithe a fhoilsiú agus a fhorghluiniú go luath in 2021.

Rochtain ar ardoideachas ag baint úsáide as dámhachtainí QQI

Is bealach seanbhunaithe í an Scéim Naisc Ardoideachais do shealbhóirí dámhachtainí QQI chun rochtain a fháil ar chlár oideachais tríú leibhéal.

Tacaíonn QQI leis an scéim seo trí shonraí torthaí scóráilte a sholáthar don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun a chur ar chumas institiúidí tríú leibhéal tairiscintí a dhéanamh do shealbhóirí dámhachtainí QQI. In 2020, luaigh 12,499 iarratasóir CAO a ndámhachtain QQI a úsáid agus iarratas ar choláiste á dhéanamh acu. Fuair 5,069 sealbhóirí dámhachtana QQI tairiscintí do réimse leathan cúrsaí tríú leibhéal bunaithe go hiomlán ar a scór dámhachtana QQI. Ghlac 3,872 foghlaimoir le tairiscint. Is méadú 7.9% é seo ar 2019.

C. Oibreoidimid i gcomhar le soláthraithe agus comhlachtaí bronnata chun comhfhreagracht as córas ardchaighdeán oideachais agus oiliúna a chur chun cinn trina spreagfar trédhearcacht agus feabhsú.

Gníomhaíochtaí Freagartha COVID-19

Bhí QQI ina chathaoirleach ar an ngrúpa oibre 'Cáilíocht, Ionracas agus Clú' a bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) anois) ó Mhárta-Lúnasa 2020. Tháinig an grúpa seo le chéile go rialta agus bhí ionadaithe ó chomhlachtaí ionadaíochas foghlaimoirí, comhlachtaí ionadaíochas institiúideacha, comhlachtaí maoinithe, gníomhaireachtaí stáit agus an Roinn Oideachais agus Scileanna san áireamh. Áiríodh ar a théarmaí tagartha tacú le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama, an mheasúnaithe agus na gcáilíochtaí, foghlaim ó eispéireas soláthraithe a ghabháil chun an

córas a fheabhsú sa todhchaí, dea-chleachtas a dhoiciméadú agus cumarsáid a bhunú le heochair geallsealbhoirí mar mhic léinn, fostóirí agus comhlachtaí gairmiúla.

D'fheidhmigh an grúpa freisin mar ghrúpa stiúrtha do Thionchar Mionathruithe COVID-19 ar Mhúinteoireacht, Foghlaim agus Measúnú i mBreisoideachas agus Oiliúint agus Ardoideachas na hÉireann (The Impact of COVID-19 Modifications to Teaching, Learning and Assessment in Irish Further Education and Training and Higher Education), a foilsíodh i mí Lúnasa 2020.

Ionchorpraíodh sa mheastóireacht fhrithchaiteach seo comhoibriú suntasach ar fud na hearnála le 56 aighneacht agus 70 eagraíocht a ndeachaigh QQI i gcomhairle leo sa phróiseas, d'fhág go raibh sé ar cheann de na tionscadail ba chomhoibrithí a rinneadh ar fud na hearnála oideachais treasach go dtí seo. Ba é fócas na meastóireachta tuiscint a fháil ar an gcaoi ar mhionathraigh soláthraithe a sholáthraíonn cláir bhreisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais a gcuid gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama, measúnaithe agus rannpháirtíochta mac léinn agus iad ag oiriúnú do shrianta phaindéim COVID-19.

An Lónra Náisiúnta um Ionracas Acadúil

Mar chuid den tionscadal Ionracais Acadúil, leQQI den Lónra Náisiúnta um Ionracas Acadúil a chomhordú le linn 2020. D'oibrigh sé ar réimse tionscnamh faoi threoir píaraí, lena n-áirítear:

- Treoirlínte eatramhacha neamhrechtúla um Ionracas Acadúil chun tacú le IAOanna (scaipeadh iad seo le haghaidh comhairliúcháin agus táthar ag súil go bhfoilseofar iad in 2021)
- Prionsabail an Ionracais Acadúil, lena n-áirítear Foclóir Téarmaí Coiteanna (scaipeadh iad seo le haghaidh comhairliúcháin agus táthar ag súil go bhfoilseofar iad i 2021)
- Suirbhé ar chláráitheoirí IAO a chuir sonraí tagarmhairc ar fáil maidir le lón agus

cineálacha na gcásanna mí-iompair acadúla sna institiúidí ar fad

- Seachtain Náisiúnta um Ionracas Acadúil le 14 imeacht arna n-óstáil ag ball-IAOanna i measc imeachtaí eile
- Sraith seimineár gréasáin um Ionracas Acadúil
- Naisc agus caidreamh idirnáisiúnta a bhunú agus a neartú trí rannpháirtíocht i gcoistí agus i ngrúpaí oibre agus trí chainteanna agus seimineáir ghréasáin a sholáthar.
- Straitéis cumarsáide tiomnaithe ag díriú ar fhoghlaimeoirí.

Mhéadaigh ballraíocht IAO an Lónra de 25% nó mar sin in 2020, rud a thug an t-íomlán go 80 ball a ionadaíonn do 32 institiúid ardoideachais, mic léinn, grúpaí ionadaíochta IAO, baill an Choiste Stiúrtha.

Suirbhé ar Gheallsealbhoirí

In 2020, d'fhostaigh QQI gníomhaireacht taighde margaidh chun suirbhé taighde neamhspleách a dhéanamh thar ceann QQI ar phríomhpháirtithe leasmhara QQI. Aithníodh i dtuarascáil an tsuirbhé, a seachadadh i mí Lúnasa, samplaí de dhea-chleachtas chomh maith le réimsí nár mhór machnamh a dhéanamh orthu. Tá athbhreithniú déanta ag QQI ar an aiseolas agus leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta ar gach réimse dá ghníomhaíochtaí seachadta seirbhíse, rannpháirtíochta agus feabhsúcháin chun eispéireas an úsáideora a fheabhsú tuilleadh agus tógáil ar chaidreamh atá i bhfeidhm lena gheallsealbhoirí.

Cumhachtaí Dámhachtana d'Institiúidí Teicneolaíochta

I mí Feabhra 2020, d'óstáil QQI agus THEA comhcheardlann d'institiúidí teicneolaíochta chun srac-chuntas a thabhairt ar na hathruithe reachtach a chuir ar a gcumas aistriú go stádas comhlachtaí bronnta ainmnithe. Áiríodh ar an bpainéal agus ar an lucht féachana ionadaithe ó na h-institiúidí teicneolaíochta agus ó na heagraíochtaí comh-óstála.

D. Rachaimid i gcomhar le comhlachtaí ionadacha d'fhoghlaimoirí chun dea-chleachtas i measc soláthraithe a spreagadh.

An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn

Ba bhliain rathúil eile í 2020 don Chlár Náisiúnta um Rannpháirtíocht Mac Léinn (NStEP) a d'oibrigh i gcomhpháirtíocht le QQI, HEA agus USI agus leathnaíodh foireann NStEP chun Comhordaitheoir Forbartha agus dhá Intéirneach Comhlach a cheapadh.

I rith na bliana, d'fhorbair agus thug NStEP isteach clár athcheartaithe oiliúna do mhic léinn agus cuireadh oiliúint ar níos mó ná 1,300 ionadaí mac léinn.

Comhoibríonn NStEP le QQI agus USI i gcónaí ar linn na n-athbhreithnitheoirí cáilíochta mac léinn, a earcaíonn agus a chuireann oiliúint ar mhic léinn le gur féidir leo páirt a ghlacadh i bpainéil athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta chun cleachtais in institiúidí ardoideachais a mheas. Tá QQI sásta gur thacaigh an linn athbhreithnitheoirí cáilíochta mac léinn le hinstitiúidí ardoideachais, go háirithe le linn na n-athruithe a d'eascair as an bpaindéim.

D'fhoilsigh NStEP plépháipéar freisin ar a dhréachtchreat nua um Rannpháirtíocht Mac Léinn i gCinnteoireacht, a bheidh ar oscailt le haghaidh comhairliúcháin faoi 2021.

Anois tá 26 institiúid ann a chomhoibríonn chun comhpháirtíochtaí idir mic léinn agus baill foirne a iniúchadh agus a leabú tuilleadh agus chun deiseanna rannpháirtíochta do mhic léinn a mhéadú ar fud earnáil ardoideachais na hÉireann agus cuireann NStEP fáilté i gcónaí roimh spéis ó institiúidí ardoideachais i bpáirt a ghlacadh sa chlár.

StudentSurvey.ie

LeQQI de bheith ina bhall den ghrúpa stiúrtha do StudentSurvey.ie. In 2020, chuaigh QQI isteach sa Ghrúpa Anailíse agus Tionchair StudentSurvey.ie agus chomhoibrigh sé leo chun plépháipéar a tháirgeadh ar thionchar

agus ar an gcaoi a bhféadfaí é seo a shainiú agus a mheas do StudentSurvey. ie. Beidh deis ar fáil do bhaill chun an páipéar a mheas agus freagairt do thuairimí agus aiseolas roimh Fhóram Cleachtóirí na bliana seo chugainn.

Oiliúint d'Athbhreithneoirí Foghlaimoirí


I gcomhar leis an gClár Náisiúnta um Rannpháirtíocht Mac Léinn (NStEP) agus le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), chomhordaigh QQI dhá imeacht athbhreithnitheora dearbhaithe cáilíochta mac léinn (QA) in 2020. Le linn na seisiún oiliúna, thug athbhreithneoirí mac léinn a bhfuil taithí acu agus cathaoirligh painéil athbhreithnithe eolas do na rannpháirtithe.

Tar éis na seisiún oiliúna, chuaigh na rannpháirtithe isteach i linn athbhreithnitheoirí QA NStEP. Féadfaidh QQI agus IAOanna tarraingt ar an linn seo agus ionadaithe mac léinn á lorg acu do phainéil athbhreithnithe agus meastóireachta QA.

Fóram Náisiúnta Foghlaimoirí FET

Le linn 2020, chuir QQI ábhar le Grúpa Comhairleach Náisiúnta Fhóram Foghlaimoirí FET agus an Fóram ag iarraidh bealaí nuálacha a aimsiú chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimoirí FET, agus guth na bhfoghlaimoirí á léiriú acu, mar bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar sheachadadh an bhreiseoideachais agus na hoiliúna. In ionad imeacht bliantúil Fhóram Náisiúnta na bhFoghlaimoirí FET, d'óstáil an Fóram seimineár gréasáin an 16 Nollaig chun leabhrán a sheoladh ina leagtar béim ar eispéiris deichniúr foghlaimoirí FET a ghlac páirt san Fóram le cúig bliana anuas agus ar an gcaoi a ndearna sé a rannpháirtíocht i dtionscnaimh gutha foghlaimoirí a dhoimhniú. Cuimsíonn an leabhrán réamhrá ó QQI ar luach ghuth an fhoghlaimora i ndearbhú cáilíochta. Bhí ionadaíocht ag QQI ar phainéal geallsealbhóirí ag an ócáid, ag freagairt ceisteanna ó fhoghlaimoirí FET.

“Ar an iomlán níor bhraith mé aon chur isteach ar an bpróiseas. Thug QQI tacaíocht den scoth dúinn agus muid ag ullmhú do phainéal fíorúil a bhí an-úsáideach lena chinntiú go nach mbeadh aon chur isteach ar an bpainéal féin”- Soláthraí



CÁS-STADÉAR UM ATHBHUNÚ CAIDRIMH 2 - MEASTÓIREACHTAÍ SOLÁTHRAITHE A BHOGADH AR LÍNE MAR FHREAGAIRT AR SHRIANTA COVID



I mBealtaine 2020, bhog QQI a mheastóireachtaí ar fhorghnais QA ar líne mar fhreagairt ar na srianta sláinte poiblí a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an bpaindéim COVID-19. Áiríodh leis seo an ‘cuairt suímh’ lá iomlán idir an painéal agus an soláthraí. Úsáideann QQI Microsoft Teams chun na cruinnithe seo a éascú agus tá treoir curtha le chéile aige do bhaill an phainéil agus do sholáthraithe lena chinntiú go dtéann na cruinnithe ar aghaidh chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir.

Go déanach i mí Dheireadh Fómhair agus go luath i mí na Samhna 2020, rinne an feidhmeannas suirbhé ar na soláthraithe agus na baill phainéil go léir a ghlac páirt i gcuairt ar líne chun aon réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú go húsáideach a shainaithint. Cuireadh an suirbhé soláthraithe chuig 27 soláthróir agus d’fhreagair 25 (ráta freagartha 93%). Cuireadh an suirbhé ar bhaill an phainéil chuig 61 ball painéil agus d’fhreagair 49 (ráta freagartha 80%).

Bhí na leibhéil sástachta a cuireadh in iúl leis an bpróiseas an-ard. Mar shampla, bhraith 96% de bhaill an phainéil agus 92% de sholáthraithe gur leor an tacaíocht agus na treoirlínte a sholáthraíonn QQI do chuairteanna suímh ar líne. Bhí 93% de bhaill an phainéil sásta go raibh Microsoft Teams chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil le cruinniú duine le duine agus bjaotj 92% de na soláthraithe go raibh an chuairt suímh ar líne éifeachtach agus láidir. Rud suntasach eile ab ea an iliomad tuairimí a mhol gairmiúlacht agus cúirtéis fhoireann QQI agus éifeachtúlacht phróisis QQI. Tugtar aiseolas samplach anseo:

“Bhí na réamhullmhúcháin agus na socruithe don chuairt fhíorúil ar fheabhas. – Soláthraí

“Ar an iomlán bhraith mé nach raibh aon chur isteach ar an bpróiseas.

Thug QQI tacaíocht den scoth dúinn agus muid ag ullmhú do phainéal fíorúil a bhí an-úsáideach lena chinntiú go nach mbeadh aon chur isteach ar an bapinéil féin”- Soláthraí

“Bhí an fhoireann QA sármhaith agus cabhrach i gcónaí agus thug siad lámh dúinn tríd an bpróiseas casta le scíl agus le stuamacht.” - Ball den Phainéal

“Nílím féin róthugtha do Teams ach chuir sé iontas orm an chaoi ar oibrigh QQI é chomh héifeachtúil sin. -Níor éirigh le m’Ollscoil féin a chur ina luí orm gur fearr é ná Zoom. Mar sin féin, tabhair aon ardán fíorúil don QQI, agus táim cinnte go gcuirfidh siad ag obair go han-mhaith é !!!; “ - Ball den Phainéal

Mar fhreagairt ar aiseolas a fuarthas, tugann an fheidhmeannas cuireadh anois do sholáthraithe turas taifeadta a chur isteach ar a n-áitreabh roimh an chruinniú (más inmhianaithe agus indéanta) agus spreagann sé an painéal an dara cruinniú príobháideach a bheith aige roimh an chruinniú ar líne de bhrí gur aithníodh gur modh tábhachtach é seo chun dea-chaidreamh a chothú i measc bhaill na foirne. Ar deireadh, Rinne QQI athbhreithniú ar theimpléad an chláir oibre do na cruinnithe chun a chinntiú nach mbíonn na seisiúin ró-fhada agus go mbíonn na sosanna idir seisiúin sách fada.

E. Oibreoidimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe AE agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun tionchar a imirt ar bheartas cáilíochta agus cáilíochtaí Eorpacha agus chun bonn a chur faoinár gcuid oibre anseo in Éirinn

Europass

Tar éis tréimhse fhada forbartha, seoladh an t-ardán nua Europass i mí Iúil 2020 ag tabhairt isteach uirlis nua próifíle pearsanta a chuimsíonn uirlisí CV Eorpach, Dioplóma agus forlíontaí. Teastais, mar a bhí cheana. Leanann feachtas bolscaireachta faoi stiúir an Choimisiúin ag cur an Europass nua chun cinn. Leathnaíodh tionscadal 2018-2020 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2021 nuair a ullmhaíodh agus a cuireadh tuarascáil deiridh isteach. Cuireadh deireadh le gníomhaíochtaí cur chun cinn duine le duine i Márta 2020 agus cuireadh príomhimeachtaí mar Higher Options agus Grad Ireland ar ceal agus bhog siad ar líne.

Grúpa Creataí Cáilíochta Cúig Thír

D'óstáil ár gcomhghleacaithe, an Chomhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta (CCEA), cruinniú bliantúil na gcreataí cáilíochtaí cúig thír i mBéal Feirste i mí Eanáir. Thug an cruinniú dhá lá seo údarais cháilíochtaí, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus oifigigh rialtais le chéile. Deis iontach a bhí sa chruinniú idirphlé agus malartú beartais a dhéanamh ar fud na RA agus na hÉireann. Cuireann obair an ghrúpa seo ailíniú chun cinn idir na córais cháilíochtaí náisiúnta éagsúla, ag fáil réidh le constaicí ar dheiseanna staidéir agus oibre laistigh den chomhlimistéar taistil.

Teagmháil le Clár Oibre Cáilíochtaí an AE

Le linn 2020 rinneadh dul chun cinn leis an gClár Oibre Scileanna AE nua agus uailmhian AE i leith Limistéar Eorpach Oideachais. Cuimsíonn an dá chlár oibre tionscnaimh shuaitheanta i ndearbhú cáilíochta agus

aitheantas cáilíochtaí agus scileanna. Chuir QQI le forbairt, cur i bhfeidhm agus scaipeadh na dtionscnaimh Eorpach seo. Mar Phointe Comhordaithe Náisiúnta an Chreata Eorpaigh ainmnithe um Cháilíochtaí (EQF-NCP), déanann QQI ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe Ghrúpa Comhairleach EQF ar leibhéal an AE. Tionóladh trí chruinniú den EQF-AG le linn 2020, áit ar chlúdaigh an clár oibre beartas Scileanna AE, Próiseas Chóbanhávan (VET san Eoraip) agus próiseas Bologna (Ardoideachas san Eoraip).

Mar ainmní na hÉireann ar Ghrúpa Oibre na mBallstát um Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha Eorpacha, d'fhreastail QQI ar dhá chruinniú inar cuimsíodh i measc phríomh-mhíreanna an chlár oibre tástáil féachaint conas is féidir torthaí foghlama cáilíochtaí a mhapáil go scileanna ESCO trí úsáid a bhaint as Intleacht Shaorga agus comhairliúchán nuair a eiseofar Leagan 1.1 de ESCO.

Clár Oibre Oideachais UNESCO 2030

Tionóladh an 10ú Grúpa Saineolaithe um Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe ar chórais cháilíochtaí i Meitheamh 2020. Glacann QQI páirt mar aoi-shaineolaí. Áiríodh ar an gclár oibre nuashonruithe ó chórais cháilíochtaí réigiúnacha ar fud an domhain; impleachtaí COVID-19 do cháilíochtaí; agus an Coinbhinsiún domhanda ar Aitheantas don Ardoideachas.

Comhpháirtíocht AE- na hAfraice

Tugadh cuireadh do QQI labhairt ag dhá sheimineár gréasáin a eagraíodh faoin gcomhpháirtíocht AE-na hAfraic. Bhí na seimineáir ghréasáin mar chuid den idirphlé leanúnach agus den mhalartú beartais faoi cháilíochtaí agus córais dearbhaithe cáilíochta. Iarradh ar QQI, freisin, labhairt faoi fhorbairtí an CNC le geallsealbhóirí Iosrael le linn seimineár gréasáin a d'eagraigh CIMEA na hIodáile agus Roinn Oideachais Iosrael i gcomhpháirt i mí na Samhna 2020

Aitheantas Idirnáisiúnta d'Fhoghlaim Roimh Ré

LeQQI air ag obair go dlúth ag nascadh cleachtas agus beartas náisiúnta ar leibhéal earnála, réigiúnach agus náisiúnta le beartas agus forbairtí Eorpacha, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht i dtionscadail chomhoibritheacha Erasmus+. Cuireadh an obair le cuibhreannas VISKA i gcrích, agus óstáladh an ócáid scaipthe sa Bhruiséil i mí Feabhra 2020, agus foilsíodh torthaí agus tuarascáil an tionscadail ar www.viskaproject.eu Tá tagairt déanta ag an Centre Européen pour le Développement de la Formation Professionnelle (CEDEFOP) do rannchuidiú na hÉireann agus dár gcur chuige i leith oibriú le geallsealbhóirí in RPL, agus ag an gCoimisiún ag imeachtaí dá éis, lena n-áirítear le linn Seachtain Garmscileanna na hEorpa agus ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Nuálaíochtaí agus Straitéisí chun Aitheantas a thabhairt don Réamhfhoghlaim

Lean LeQQI, ar cuireadh ar dtús ón Roinn Oideachais agus Scileanna, mar chomhpháirtí náisiúnta comhordúchain sa Tionscadal um Aitheantas do Réamhfhoghlaim i gCleachtas, faoi stiúir Chomhairle Ardoideachais na Sualainne, tionscadal eile arna mhaoiniú ag Erasmus+, faoi thionscnaimh Phróiseas Bologna. Féachtar tríd an tionscadal seo le tacú le comhsheasmhacht níos mó i gcleachtais RPL as a leanann rochtain agus díolúintí le haghaidh RPL in institiúidí ardoideachais. Is comhpháirtí náisiúnta comhordaithe í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí; comhpháirtithe eile is ea Cumann Ollscoileanna na hÉireann agus Coláiste Mhuire Gan Smál. In 2020, óstáladh dhá Sheimineár Gréasáin Piarfhoghlaime inar tugadh t cuireadh do lucht déanta beartas agus cleachtóirí laistigh den ardoideachas machnamh a dhéanamh ar 'Cén fáth RPL?' Agus 'Conas RPL?'. LeQQI air ag tacú le Lónra na gCleachtóirí RPL cé go raibh tionchar suntasach ag COVID-19 agus níor urraíodh aon imeachtaí in 2020. D'ullmhaigh an Grúpa Stiúrtha Lónra plean oibre agus réamhullmhúchán do shraith seimineár gréasáin le haghaidh 2021.

Tuairiscíonn QQI thar ceann na Roinne Oideachais ar dhul chun cinn náisiúnta ó thaobh cur i bheidhm Mholadh 2012 ar Bhailíochtú na Foghlama Neamhfhoirmiúla agus Mífhoirmiúla. In 2020 d'fhoilsigh an Coimisiún an 'nuashonrú ar an bhfardal Eorpach ar bhailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus mífhoirmiúla 2018': Éire', meastóireacht ar dhul chun cinn maidir le RPL a chur i bhfeidhm de réir an Mholta ar chuir QQI go láidir leis.

Meabhráin Tuisceana

In 2020 leQQI de dhíriú ar chomhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair a athnuadh dhá chomhaontú suntasacha. Athbhunaíodh Meabhráin Tuisceana (MoU) le SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna, agus le Gníomhaireacht Cáilíochtaí na Malaeisia (MQA). Oibríonn QQI go dlúth i gcónaí le heagraíochtaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta chun cumarsáid agus comhar a éascú faoi théarmaí comhaontaithe na MoUanna. Tá an da chomhaontú foilsithe ar láithreán gréasáin QQI.

CÁS-STAIDÉAR AR ATHBHUNÚ CAIDRIMH – SOLAS



Déanann SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna, bainistíocht ar raon clár breisoideachais agus oiliúna lena n-áirítear 27 printíseacht ceardaíochta, cúrsaí oiliúna, Scileanna chun Dul Chun Cinn, eCollege agus an Ciste Eorpach um Dhomhandú. Mar sholáthraí is gá go ndéanfaidh QQI gnásanna dearbhaithe cáilíochta SOLAS, as a leanfaidh dámhachtainí QQI, a cheadú.

Ar leibhéal náisiúnta, tá athrú ar feitheamh i réimse na bprintíseachtaí. Ar 2 Lúnasa 2020, d'fhógair an tAire Harris seoladh próiseas comhairliúcháin ar Phlean Gníomhaíochta nua do Phrintíseachtaí. Tá an plean gníomhaíochta nua ceaptha chun deis a sholáthar chun tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thabhairt isteach clár faoi stiúir cuibhreannais agus ó thaithí an ama a chuaigh thart chun córas nua láidir dinimiciúil rialachais agus maoinithe a sholáthar do chlár náisiúnta printíseachta. Leagfar amach sa Phlean Gníomhaíochta seo do Phrintíseachtaí bealach cúig bliana chun printíseachtaí a leabú san fhiontraíocht agus éagsúlacht na bhfoghlaimoirí a roghnaíonn clár phrintíseachta a mhéadú.

Ciallaíonn sé seo, cé go bhfuil cláir reatha ar siúl agus go dteastaíonn dearbhú cáilíochta éifeachtach agus trédhearcach ó SOLAS, go bhféadfadh an chumraíocht rialachais athrú go mór sa mheántearma. Má tharlaíonn sé seo, b'fhéidir go gcaithfear an QA agus an rialachas uileghabhálach a athstruchtúrú agus beidh gá le ceadú breise ón QQI nuair a fhorbrófar é.

D'aithin na páirtithe go léir go gcaithfidh dearbhú cáilíochta SOLAS athrú chun oiriúnú don chás nua seo agus go léireodh ceadú na nósanna imeachta QA reatha an réaltacht seo.

I mí na Nollag 2020, tar éis sraith idirghníomhaíochtaí ardleibhéil idir an dá eagraíocht, cheadaigh QQI le coinníollacha, gnásanna reatha QA SOLAS do phrintíseachtaí ceardaíochta.

TOSAÍOCHT 4

CUMAS EAGRAÍOCHTÚIL

Cumas inmheánach a thógáil chun ár bhfeidhmiúlacht a bhuanu, a fheabhsú agus a chur in iúl.

A. Leanfaimid ar aghaidh dár ndaoine a thacú agus a fhorbairt chun feidhmeannacht sholúbtha, rannpháirteach, inoiriúnaithe agus inspreagtha a chothú.

TRinne paindéim COVID-19 éilimh uathúla ar QQI in 2020, lena n-áirítear an t-aistriú tapa chuig obair ó bhaile. Ba é fócas QQI bainistíocht agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt d'obair ó bhaile agus sábháilteacht, sláinte agus folláine ár bhfostaithe a chinntiú agus chun lucht saothair atá gníomhach, solúbtha agus spreagtha a choinneáil. I measc cuid de na príomhthionscnaimh AD bhí:

- Rinneadh measúnuithe fíor-eirgeanamaíochta ar gach ball foirne seachas ríomhoibrithe a ndearnadh measúnú orthu roimhe seo. Lean AD leis na tuarascálacha measúnaithe agus d'údaraigh sé soláthar d'fhoireann TFC, trealamh eile agus troscán oifige nuair a moladh é agus nuair a bhí sé réasúnta.
- Tionóladh cruinnithe uilefhoirne fíorúla rialta áit a ndearna an POF agus an bhainistíocht an fhoireann a nuashonrú ar ghnéithe den ghnó, bhí freastal maith orthu agus glacadh go maith leo.
- Rinne QQI dhá phríomhshuirbhé foirne i Meitheamh agus Samhain 2020 a bhain le cianobair. Ba uirlisí den scoth iad na suirbhéanna chun tacú leis an bpróiseas

rannpháirtíochta foirne agus chuir siad ardán ar fáil don fhoireann chun a dtaithí ar chianobair agus na dúshláin oibríochtúla a ghabhann leis a chur in iúl. Úsáideadh na suirbhéanna freisin chun tionchar pearsanta na cianoibre ar mheabhairshláinte agus ar fhreagrachtaí eile a thomhas, mar shampla freagrachtaí cúraim. Ba é an cuspóir aon athruithe a thaifeadadh le himeacht ama, go háirithe maidir le sláinte mheabhrach.

- Úsáideadh na sonraí ó na suirbhéanna freisin chun tacú le cinnteoireacht bainistíochta agus chun déileáil le dúshláin a bhí ag an bhfoireann le linn an aistrithe go hobair ó bhaile.
- Tionóladh cruinnithe rialta den Ghrúpa Fócais um Rannpháirtíocht Foirne chun an clár oibre folláine a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm.
- Sceidealadh ceardlanna folláine agus feasachta ginearálta ábhartha go tráthrialta i rith na bliana.
- Formhuiníonn agus tacaíonn QQI le cultúr foghlama ar feadh an tsaoil ina bhfuil, mar shampla, roinnt ball foirne rannpháirteach faoi láthair i gcláir tríú leibhéal ag leibhéal chéime Baitsiléara agus Máistreacht. Chomh maith leis sin, leanadh le tionscnaimh oiliúna agus forbartha rialta don fhoireann uile chun a bhforbairt ghairmiúil leanúnach a fheabhsú.
- Rannpháirtíocht i Laethanta Feasachta Sláinte Meabhrach.
- Sraith de thionscnaimh shóisialta fhíorúla rialta rannpháirteacha don fhoireann, mar shampla: ranganna aclaíochta ar líne, maidin caife agus cruinnithe club leabhar.

B. Infheisteoimid tuilleadh airgid inár mbonneagar TFC agus inár gcumas inmheánach mar shlí chun táirgiúlacht na heagraíochta a fheabhsú tuilleadh agus seirbhísí dár gcliaint a bhreisiú..

Tairseach Soláthraithe QQI

Le linn 2020, leanadh den obair fhorbartha ar Qhub, tairseach TF nua QQI do sholáthraithe. Tá sé deartha chun iarratais shlána a dhéanamh ar líne ar sheirbhísí QQI a éascú agus rochtain soláthraithe ar a gcuid sonraí féin a mhéadú. Próisis Dearbhaithe Cáilíochta QQI e.g. bailíochtú agus ath-bhainistíocht clár, dul ar aghaidh trí shraith céimeanna. Tá stádas ag gach céim e.g. Faoi Scagadh, Ag feitheamh le Cinneadh APEC srl. Trí na stádais seo a dhéanamh infheicthe do sholáthraithe trí QHub, beidh dul chun cinn a bhfeidhmithe le feiceáil i.e. níos trédhearcaí.

Rinneadh roinnt modúl a eisiúint agus a chur i bhfeidhm in 2020:

- Bailíochtú Cláir - bailíochtú nua, athbhailíochtú, leathnú agus dúnadh clár. Tá saineolaithe atá fostaithe chun cláir nua a mheas in ann rochtain shlán a fháil ar an ábhar trí QHub agus comhoibriú sa mheastóireacht ann.
- Athbhunú caidrimh - sceidealú, uaslódáil iarratas, meastóireacht shaineolach, rianú próiseas agus foilsiú.
- Tuairisciú Cáilíochta Bliantúil (AQR) - ceadáionn sé seo do sholáthraithe tuarascálacha a uaslódáil agus a fhoilsiú a thaispeánann cás-staidéir ar thionscnaimh cháilíochta a rinne siad le bliain anuas. Táthar ag súil go scaipfidh foilseacháin den sórt sin dea-chleachtas ar fud na hearnála.
- Sleachta Sonraí - Is féidir le QQI agus soláthraithe sonraí a íoslódáil i bhformáid Excel le haghaidh anailís bhreise.

Feabhsúcháin Slándála

Chun seirbhísí agus sonraí TF QQI a chosaint, cuireadh roinnt beart slándála i bhfeidhm. Ina measc seo bhí beartais rochtana coinníollacha chun rialú a dhéanamh ar na gairis agus na húsáideoirí a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí, seirbhísí a ghlasáil go suíomhanna geografacha comhaontaithe, obair leantach ar bheartais a chur i bhfeidhm chun sceitheadh sonraí íogaire nó pearsanta a chosc agus ballaí dóiteáin a uasghrádú agus a leathnú chun gach seirbhís QQI a áireamh.

Teastais a Athsholáthar

Bhí an tseirbhís seo úsáideach do shealbhóirí dámhachtainí QQI. Próiseáladh 162 iarratas ar dheimhnithe athsholáthair in 2020. Is méadú 40% é seo ar 2019 nuair a tugadh an tseirbhís isteach.

Gníomhaíochtaí TCF a bhain le COVID-19

Go déanach i mí Feabhra 2020, thosaigh an fhoireann TFC ag ullmhú gach gaireas a bhí ar fáil lena ndáileadh ar bhaill foirne i gcás frithdhúnadh bainteach le COVID-19. Sa tseachtain roimh an ghlasáil a dhéanamh rinneadh obair fhairsing chun ár mbonneagar Seirbhísí Deisce cianda agus Líonra Príobháideach Fíorúil a uasghrádú chun ligean do líon níos mó foirne oibriú go cianda, ag nascadh le Seirbhísí QQI ar bhealach a bhí slán agus comhsheasmhach ag an am céanna. Cuireadh Microsoft Teams i bhfeidhm chun tacú le cumarsáid eagraíochtúil go hinmheánach agus go seachtrach, agus cuireadh oiliúint ar fáil ó cheann ceann na bliana. Thacaigh an fhoireann TFC leis an gcumrú baile d'oibrithe cianda ag cur comhairle agus ag aimsiú monatóirí, méarchláir srl. agus ag athsholáthar ríomhairí glúine a bhí sean nó dátaithe a cuireadh ar fáil go sealadach ag tús na glasála.

C. Léireoimid an cleachtas is fearr maidir lenár rialachas feidhmiúil agus corparáideach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloí le hoibleagaidí ábhartha reachtaíochta agus rialála.

Comhlíonadh an Chóid Chleachtais

Comhlíonann QQI an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chuir QQI seicliosta comhlíonta i láthair i nDeireadh Fómhair 2019 maidir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Díríodh ar an aon mhaolú atá fágtha, maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, agus tuairiscíodh air i dTuarascáil Bhliantúil 2019. Mar sin ní raibh aon mhaolú fágtha ar an 31 Nollaig 2020.

An Cód Caiteachais Phoiblí

Cloíonn QQI leis an gCód Caiteachais Phoiblí trí:

- Beartas Ceannaigh agus Soláthair a bheith aige ina leagtar amach go soiléir na riachtanais agus na leibhéil údarais atá ag ceannaitheoirí
- le cinntiú go dtacaíonn gach mír chaiteachais neamhghnáthach le comhlíonadh phlean straitéis agus corparáideach QQI
- chun luach ar airgead a chinntiú i gcás gach caiteachais
- chun iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthar agus ar cheannach chun a chinntiú go gcloítear le dea-chleachtas
- chun an fhoireann a spreagadh le bheith feasach ar chostas na seirbhísí ionas nach dtabhófar caiteachas neamhriachtanach.

An Roinn Oideachais agus Scileanna/an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Ttuairiscíonn an ghníomhaireacht ar thorthaí dá roinn líne, don Roinn Oideachais agus Scileanna (go dtí Meitheamh 2020) agus don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (ó

Meitheamh 2020) trí Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta (PDA), ceanglas faoin gCód Cleachtais. Tá nasc ann idir an PDA, a dhéantar a fhorbairt agus a aontú go bliantúil, agus na cuspóirí i bPlean Corparáideach QQI atá bunaithe ar Ráiteas Straitéise QQI 2019 - 2021. Bíonn cúpla cruinniú sa bhliain ag QQI le hoifigigh na Roinne chun dul chun cinn a athbhreithniú.

An Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh

Tá plean iniúchta inmheánach rollach trí bliana 2020-2022 ag QQI a ndéantar athbhreithniú air go bliantúil. Déantar iniúchadh inmheánach ar gach ceann de phríomhfheidhmeanna corparáideacha agus gnó QQI.

Ó mhí an Mhárta 2020, ordaíodh don fhoireann athrú go cianobair mar gheall ar shrianta an Rialtais agus gan oibriú ón oifig murar ghá. Dá bhrí sinn, rinneadh iniúchtaí go cianda ó lár mhí an Mhárta 2020.

Tugadh na hiniúchtaí inmheánacha seo a leanas chun críche in 2020:


- Nuashonrú Achomair ar Stádas ar mholtaí Iniúchta Inmheánaigh Intí roimhe seo
- An Timthriall um Athbhunú Caidrimh
- An Timthriall Párolla agus Pearsanra
- Clár Rioscaí QQI Ardrioscanna 1-5 (amhail ag deireadh bliana 2019)
- Iniúchadh Inmheánach ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh 2019
- Nuashonruithe Stádais ar Mholtaí Comhpháirtithe Iniúchta Inmheánaigh, SIC 2018, Iniúcháir Inmheánach, agus Litreacha Bainistíochta C&AG
- An Timthriall Soláthair
- Timthriall Cáilíochtaí (NARIC san áireamh)
- Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Ardrioscaí 6-10 (amhail ag deireadh bliana 2019)

Feidhm an Iniúchta Sheachtraigh

In 2020 tugadh cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ar aon dul leis an gCód Cleachtais athcheartaithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú leasaithe, Meán Fómhair 2016. Moltar comhrá a bheidh ann idir an Bord agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis na hiniúcháirí seachtracha uair sa bhliain ar a laghad, gan comhaltaí feidhmiúcháin an Bhoird ná fostaithe an chomhlachta stáit a bheith i láthair, le cinntiú nach bhfuil aon údar imní gan réiteach.

Mar gheall ar ráig COVID-19 i Márta 2020, níorbh fhéidir d'ionadaí ó Oifig an C&AG bualadh le baill an choiste.

CÁS-STAIDEAR - MIONATHRUITHE AR DHÁMHACHTAINÍ AGUS AR CHLÁIR



Mar chuid de ghníomhartha chun tionchar COVID-19 a mhaolú, cheadaigh Coiste Beartais agus Caighdeáin QQI beartas trínar foráladh do mhionathrú sealadach ar dhámhachtainí QQI i gcásanna nuair nach bhféadfadh foghlaimeoirí socrúcháin taithí oibre a fháil. Bhí dúshlán ar leith ag baint le hinfhaighteacht agus sábháilteacht socrúcháin cleachtais sa bhliain acadúil 2020-21 agus chuaigh QQI i dteagmháil go fairsing le hearnáil an ETB maidir le hiarrataí ar mhionathruithe ar struchtúir dámhachtana QQI. Rinneadh mionathruithe sealadacha i gcas c. 80 dámhachtain ar Leibhéil 4-6 den CNC.

Comhlánaíodh na mionathruithe seo le breithniú cuimsitheach ar leasuithe ar leibhéal an chláir, lena n-áirítear ionsamhlú cleachtais, measúnú malartach agus cás-staidéir a bhaineann le disciplín ar leith. Ina theannta sin, chuaigh QQI i dteagmháil leis an earnáil ar shocruithe láidre dearbhaithe cáilíochta agus rialachais chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart teagmhasach seo agus sláine leanúnach na ndámhachtainí a chinntiú.

AN STRUCHTÚR RIALACHAIS

Bord QQI

Bord deichniúr comhaltaí, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach, a rialaíonn QQI. An tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a cheapann baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Ar chúraimí an bhoird tá ceadú na gcuntas airgeadais, beartas, ráitis straitéise, pleananna corparáideacha agus tuarascálacha bliantúla. Déanann an bord cinntí maidir le feidhmeanna éagsúla lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Ceadú gach beartais agus cur chuige i leith beartais
- Pleanáil straitéiseach, pleanáil chorparaideach agus ceadú na gcuntas bliantúil.
- Ceadú na ráiteas airgeadais
- Ceadú nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta a aistarraingt
- Bailíochtú cláir a aistarraingt
- Údarás a tharmligean do sholáthraí chun dámhachtainí a dhéanamh
- Údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a aistarraingt nó a éagsúlú

Tá feidhmeanna aige, leis, i ndáil le cláir a bhailíochtú, comhdámhachtainí, agus rochtain, aistriú agus forchéimniú. Tugann roinnt coistí faoi leibhéal an Bhoird cúnamh le rialachas acadúil agus le réimsí tábhachtacha eile rialachais, agus is comhaltaí den Bhord atá ar na coistí sin.

Ballraíocht:

- Ms. Joanne Harmon (Cathaoirleach)
- An Dr Padraig Walsh (Príomhfheidhmeannach go 30 Meán Fómhair 2020)
- Ms Cliona Curley (Príomhfheidhmeannach Eatramhach ón 1 Deireadh Fómhair 2020)
- An Dr Barbara Brittingham (Saineolaí idirnáisiúnta)
- Ms Mary Danagher
- Mr Blake Hodgkinson
- Mr Thomas McDermott
- Mr Kevin McStravock (ainmniúchán USI)
- Dr Niamh O'Reilly (ionadaí foghlaimoirí)
- An Ollamh Irene Sheridan
- An Dr Anne Walsh

Taifead Tinrimh Chomhaltaí an Bhoird ag Cruinnithe de Bhord QQI in 2020

28 FEA 2020	27 AIB**	19 MEITH**	25 M.F.**	12-14 D.F.** (CRUINNÍÚ NEAMHCHORPARTHA)	23-27 D.F. (CRUINNÍÚ NEAMHCHORPARTHA)	4 NOLL**	16-21 NOLL** (CRUINNÍÚ NEAMHCHORPARTHA)	UAS	TINREAMH
Joanne Harmon	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Padraig Walsh	✓	✓	✓					4	4
Cliona Curley						✓		1	1
Barbara Brittingham	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Mary Danagher	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	7
Blake Hodgkinson	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Thomas McDermott	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Kevin McStravock	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Niamh O'Reilly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8
Irene Sheridan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8
Anne Walsh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	8

** Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 agus de réir threoirlínte náisiúnta sláinte poiblí, reáchtáladh Cruinnithe Boird QQI a tionóladh tar éis 15 Márta 2020 trí fhíschomhdháil.

Cothromaíocht Inscne i mBallraíocht Bhord QQI

Amhail ar an 31 Nollaig 2020, bhí seachtar ball (70%) baineann agus triúr (30%) fireann ar an mBord. Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020, ceapadh Príomhfheidhmeannach eatramhach ar feitheamh ar an bpróiseas earcaíochta do phost an Phríomhfheidhmeannaigh (ball ex officio) a bheith críochnaithe Mar sin, ag deireadh bliana níor chomhlíon an tÚdarás sprioc an Rialtais ionadaíocht ar a laghad 40% de gach inscne a bheith i mballraíocht na mBord Stáit.

Tá na bearta seo a leanas pleanáilte chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar an mBord seo agus é a fheabhsú:

- Déan staid na cothromaíochta inscne a athmheasúnú tar éis Príomhfheidhmeannach a cheapadh (ball ex officio).

Meastóireacht ar Fheidhmíocht

Rinne an Bord measúnú inmheánach ar a éifeachtaí a bhí an Bord in 2019 i Ráithe 1, 2020. Rinneadh Athbhreithniú Seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird agus an Choiste i Ráithe 4, 2020, agus tá súil leis an tuarascáil mar thoradh air sin i Ráithe 1, 2021.

Rialachas Fo-Bhoird

Soláthraíonn roinnt fo-choistí den Bord saineolas ar leith sa réimse acadúil agus i bpríomhréimsí eile d'oibríochtaí QQI:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca struchtúr neamhspleách measúnaithe a sholáthar agus tacú leis an mBord ina bhfreagrachtaí as ceisteanna riosca, rialaithe agus gnéithe den rialachas,

trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá na dearbhuithe go bhfuil riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus an Oifigigh Chuntasaíochta comhlíonta agus iontaofacht agus iomláine na ndearbhuithe sin a

athbhreithniú. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2020.

Comhaltacht/Tinreamh:

I gcoibhneas le líon an Bhoird, beirt chomhalta den Bhord agus ball seachtrach nach ball den Bhord í no é atá ar an gCoiste (in ionad trí chomhalta den Bhord mar is gá faoin gCód Cleachtais). Tá an comhdhéanamh faoi athbhreithniú.

Blake Hodgkinson (Cath ó Noll 2020)	4/4
Thomas McDermott (Cath go Samhain 2020)	4/4
Tony Mealy (Comhalta neamh-Bhoird)	3/4

An Coiste Maoirseachta um Chláir agus Dámhachtainí (CMCD)

Is é feidhm an Choiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí cinntí a dhéanamh maidir le bailíochtú clár as a leanann dámhachtainí QQI. Is é a bhuntacaíonn le cinntí agus moltaí an Choiste saineolas agus moltaí seachtracha, a chuirtear ar fáil de ghnáth i bhfoirm thuarascálacha ó phainéil saineolaithe agus torthaí ar ghníomhaíochtaí monatóireachta agus athbhreithnithe a dhéanann QQI. Bhí seacht gcruinniú ag an PAEC in 2020.

Comhaltacht/Tinreamh:

Padraig Walsh (Cath go 30 Meán Fómhair 2020)	5/5
Cliona Curley (Cathaoirleach Eatramhach ón a1 Deireadh Fómhair 2020)	2/2
Marie Gould	6/7
Barbara Kelly	7/7
Angela Lambkin	7/7
Bryan Maguire	7/7
John O'Connor	7/7
Róisín Sweeney	2/3
Andrina Wafer	7/7

An Coiste Polasaithe agus Caighdeán (PSC)

Breithníonn an Coiste Polasaithe agus Caighdeán (CSP) dréachtbheartas QQI agus déanann sé moltaí don Bhord maidir le faomhadh na mbeartas seo de réir straitéis na heagraíochta. Lena chois sin, breithníonn sé moltaí ón bhfeidhmeannacht chun caighdeán eolais, scile agus inniúlachta a chinneadh le haghaidh dámhachtainí oideachais agus oiliúna nó chun treoirlínte ábhar maidir leis na leibhéil eolais, scile agus inniúlachta a mbeidh súil leo do dhámhachtainí ardoideachais, a fhorghluiniú, ach is féidir leis gníomhú ar na moltaí sin. Bhí ceithre chruinniú ag an PSC in 2020.

Comhaltacht/Tinreámh:

Anne Walsh (Cath.)	4/4
Bryan Fields	4/4
Achim Hopbach	2/2
Barbara Kelly	4/4
Daire Keogh	2/2
Bryan Maguire	4/4
Hannah McGee	3/3
Niamh O'Reilly	4/4
Aileen Ponton	4/4
Alan Power	3/3
Ann-Marie Ryan	1/1
Aoife Sweeney	2/4

An Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC)

Déanann an Coiste um Maoirseacht Clár agus Dámhachtainí (PAOC) athbhreithniú agus anailís ar ghníomhaíochtaí an PAEC (thuas), ag soláthar comhairle agus ag déanamh moltaí ar a chinntí. Deimhneoidh sé cinntí de chuid an PAEC, nó cuirfear ar ais iad, faoi mar is gá. Bhí dhá chruinniú ag an PAOC in 2020.

Membership/Attendance:

Barbara Brittingham (Chair)	2/2
Ken Carroll	2/2
Mary Danagher	0/2
Paul Lyons	2/2
Gerard Morgan	2/2
Gina Quin	2/2

Coiste na gCeaduithe agus na nAthbhreithnithe (ARC)

Déanann an Coiste Formheasanna agus Athbhreithnithe cinntí agus moltaí maidir le nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a cheadú; an Marc Idirnáisiúnta Oideachais; údarás tarmligthe; agus déanann sé torthaí athbhreithnithe cáilíochta arna ndéanamh ag QQI a cheadú lena bhfoilsíú. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2020.

Comhaltacht/Tinreámh:

Irene Sheridan (Cath)	4/4
Ailsa Crum	3/4
Colette Harrison	4/4
Marie Kehoe O'Sullivan	1/3
William Kelly	2/4
Siobhan Kinsella	3/3
Geraldine Larkin	3/4
Kevin McStravock	4/4
Mary Sheridan	4/4

An Coiste Acmhainní Daonna agus Eagair

Is é cuspóir an Choiste Acmhainní Daonna agus Eagair cuidiú agus comhairle a chur ar an mBord d'fhonn a rialachas agus maoirseacht féin sna réimsí acmhainní daonna agus feidhmíocht an phríomhfheidhmeannaigh a athneartú. Ní raibh aon chruinniú ag an gCoiste Acmhainní Daonna agus Eagair seo in 2020.

Comhaltacht/Tinreamh:

Joanne Harmon (Cath)	3/3
Mary Danagher	3/3
Blake Hodgkinson	3/3

CÁS-STADÉAR IN ATHBHAILÍOCHTÚ - ARDTEASTAS SA CHUNTASAÍOCHT (CLÁR PRINTÍSEACHTA)



Ba é Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann (ATI) agus Grúpa Stiúrtha Cuibhreannas (CSG) ina bhfuil comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla mar Chuntasóirí Cairte na hÉireann, baill cháilithe de Theicneoirí Cuntasaíochta Éireann, fostóirí, lucht acadúil agus saineolaithe ábhartha eile geallsealbhóra a chuir an clár dhá bhliain, Leibhéal 6, Ardteastas sa Chuntasaíocht (180 creidmheas FET) i dtoll a chéile. Tá an clár dírithe ar lucht fágála na scoile, daoine atá ag athrú a ngairm, agus iarratasóirí lánfhásta ar mian leo dul le gairm mar Theicneoir Cuntasaíochta. Is slí phraiticiúil é an clár chuig gairm sa Chuntasaíocht ina ndéantar meantóireacht ar phrintísigh trí chlár oiliúna oideachais foghlama dhá bhliain bunaithe ar obair.

Glacadh cur chuige forbartha faoi threoir an fhostóra ón tús agus bhí ionadaíocht láidir ag ionadaithe cuntasaíochta. Bhí caidreamh ann idir an ATI agus fostóirí ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa chun Próifíl Ghairme an chláir a chinneadh, mar aon le hábhar an chláir, torthaí foghlama na modúl, obair thionscadail, agus tascanna san ionad oibre. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais (CSG) agus Clárhbord (PB) faoi stiúir fostóirí go luath sa phróiseas forbartha le cinntiú go ndíreodh an clár ar riachtanais an tionscail. Is léiriú den scoth é an clár ar lucht tionscail agus lucht oideachais ag comhoibriú chun clár printíseachta a dhearadh agus a chur i dtoll a chéile.

Rinne QQI an clár a bhailíochtú in 2017. Ba é an chéad chlár a bailíochtaíodh é ag tagairt do threoirlínte ábhair QQI maidir le dearbhú cáilíochta na gclár printíseachta agus beartas agus critéir bailíochtaithe 2016.

Faoi láthair tá os cionn 300 printíseach sa chlár printíseachta ó 18 gcontae ar fud na hÉireann agus is mná iad 63% díobh. As 59 clár printíseachta a chuirtear ar fáil faoi láthair trí SOLAS, is é Printíseacht an Teicneora Cuntasaíochta rogha na mban, as a soláthraítear os cionn 20% de na rannpháirtithe ban i bprintíseachtaí cláraithe SOLAS.

Tá éileamh mór ar an gclár i gcónaí ag lucht an Tionscail agus tá os cionn 250 geallsealbhóir ag rannpháirteach sa chlár ó earnálacha éagsúla i.e. seirbhísí airgeadais, an earnáil phoiblí, fáilteachas, déantúsaíocht, réadmhaoin, innealtóireacht srl.

Go hachomair, deir Gabriela Airini, Ceann na bPrintíseachtaí, “Soláthraíonn Teicneoirí Cuntasaíochta Éireann printíseacht ar ardchaighdeán ar fud na tíre, trína soláthraítear oiliúint phraiticiúil ar an láthair oibre mar aon le cáilíocht QQI Leibhéal 6 den scoth don tionscal. Mar chuid d’athbhailíochtú an chláir in 2020, rinne ATI ár siollabas a nuashonrú chun nádúr athraitheach na gairme a léiriú, scileanna litearthachta digití a mhéadú, agus oiliúint folláine agus forbartha pearsanta a sholáthar a thacaíonn le folláine printíseach i rith an chláir, agus a sholáthróidh uirlisí tábhachtacha athléimneachta agus iad ag tosú ar a ngairm nua.”

Tar éis próiseas cuimsitheach athbhreithnithe agus athcheartaithe, rinne QQI athbhailíochtú ar an gclár nuashonraithe in Aibreán 2020.

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Airgeadas

In 2020 fuair QQI €10.448 milliún idir Dheontas Stáit, ioncam ó tháillí, cistiú AE agus eile. Ba é €10.554 milliún an caiteachas sa tréimhse chéanna. Chosain pá agus pinsin €6.349 milliún in 2020 (taobh amuigh de choigeartuithe FRS17).

Íocaíochtaí le Comhaltaí an Bhoird

I gcáil dheonach, go huile agus go hiomlán, a ghníomhaíonn comhaltaí an Bhoird agus níor íocadh aon táille le comhaltaí an Bhoird in 2020.

loctar costais cóiríochta, taistil, eitiltí agus cothabhála de réir na rátaí atá socraithe ag an Roinn Airgeadais. Ba é €4,977 costais iomlána an bhoird in 2020*.

Tuarastail agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Fuair an Príomhfheidhmeannach €118,264* d'íocaíochtaí tuarastail in 2020 (go D.F. 2020) Níor íocadh aon phá bainteach le feidhmíocht sa tréimhse seo. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh an teidlíocht chaighdeánach i scéim aoisliúntais sochair shainithe eiseamláireach na hearnála poiblí. Thabhaigh an Príomhfheidhmeannach €78* de chostais dheimhnithe in 2020.

Tá Ráitis Airgeadais iniúchta QQI foilsithe ar shuíomh gréasáin QQI – www.qqi.ie.

* Asbaineadh na figiúirí seo ó na dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an Déardaoin 31 Nollaig 2020.

BAINISTÍOCHT RIOSCA

Rinneadh Beartas Bainistíochta Riosca QQI a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2020 chun ráiteas nua maidir le goile do riosca a chur san áireamh mar aon le próisis bhreise chun riosca a bhainistiú agus a thuairisciú agus chun riosca a leabú inár gcuid oibre. Rinne bainisteoirí agus úinéirí riosca, an POF, an Príomhoifigeach Riosca, an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord an Clár Riosca corparáideach a athbhreithniú agus a nushonrú go rialta i rith 2020. Tugadh aird ar leith ar riosca a bhaineann le cianobair agus paidéim Covid 19. Rinneadh bearta chun feasacht ar riosca a mhéadú agus riosca a leabú i dtionscadail agus sa phleanáil.

Na Príomhrioscaí

D'aithin QQI na rioscaí seo a leanas mar na príomhrioscaí a d'fhéadfadh tionchar chun donais agus tionchar ábhartha a imirt ar fheidhmíocht QQI.

- **An riosca nach féidir le QQI an obair a bheartaíonn sé a dhéanamh a sheachadadh, ina Phlean Corparáideach agus ina Ráiteas Straitéise, mura bhfuil na scileanna agus an daonchumhacht riachtanach aige. Dá thoradh seo, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí straitéiseacha a chur siar nó a bhaint den phlean corparáideach ar bhealach eile.**

Maolaithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais faoin bPlean Fórsa Oibre; anailís bhliantúil ar riachtanais oiliúna a chur i gcrích; PMDS a oibriú; an scéala is déanaí a thabhairt do rialta don Bhord ar chúrsaí foirne; cumarsáid rialta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht (DFHERIS) ar riachtanais acmhainní.

- **An riosca nach mbeidh dóthain cistí Stáit ann chun feidhmeanna reachtúla nua a bhunú agus a chur i gcrích (nach bhfuil sruthanna ioncaim comhionanna leo ann fós) agus chun leanúint de mhaoiniú**

a dhéanamh ar oibleagáidí reachtúla, straitéis agus pleananna corparáideacha atá ann cheana.

Maolaithe trí Phlean Fórsa Saothair a chur i gcrích; buiséad agus insint bliantúil mionsonraithe a chur isteach go luath chuig DFHERIS; teagmháil idir an Bainisteoir Airgeadais agus príomhbhaill foirne maidir le tionscail a bhuiséadú agus a phleanáil; tionscadail a d'aithin an Clár Bhord sa phróiseas buiséadta a chur san áireamh.

- **An riosca go bhféadfadh QQI a bheith gann ar chistí sa tréimhse 15 mhí atá le teacht mar gheall ar nádúr athraitheach agus luaineach ioncaim agus costais QQI. D'fhéadfadh go gciallódh sé seo nach bhféadfaí soláthraithe/baill foirne a íoc nó go mbeadh maoiniú/áis bhreise ag teastáil ar ghearrfhógra.**

Maolaithe trí chóras bainistíochta airgeadais a éascaíonn aitheantas do chaiteachas ar leibhéal na rannóige, an aonaid agus an tionscadail, cuntais bhainistíochta mhíosúla; foilsíú cuntas míosúil agus sreabhadh airgid mionsonraithe; monatóireacht ar athraitheas ioncaim agus caiteachais i gcomparáid le blianta roimhe seo; athbhreithniú ar rialuithe airgeadais agus réamhaisnéis; caiteachas a bhaineann le tionscadail a rialú agus a rianú; cumas cuntasaíochta agus tuairiscithe QQI arna mheas faoin tSamhail Aibíochta Bainistíochta Airgeadais (FMMM).

- **An riosca nach bhfuil QQI ullamh a dhóthain chun na feidhmeanna nua a leithdháiltear ar QQI faoin reachtaíocht leasaithe a chur i bhfeidhm, as a leanfaidh dochar do chliú nó teip rialála.**

- Maolaithe trí phleanáil lucht saothair a chríochnú agus buiséad gaolmhar a chur isteach; comhghrúpa oibre DFHERIS/QQI ar sceideal feidhmithe d'fheidhmeanna nua; ceadú an Chlár-Bhoird do phleananna gaolmhara tionscadail chun cumas soláthraithe a mheas, an Marc Idirnáisiúnta Oideachais, Cosaint d'Fhoghlaimoirí Cláraithe agus comhlachtaí bronnta liostaithe.
- **An riosca nach féidir le foghlaimoirí cláraithe a gcláir a chríochnú toisc gheall go scoirfidh soláthraí sonrach/soláthraithe iolracha dá gcláir a sholáthar agus/nó go scoirfidh siad de thrádáil. D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige seo ar acmhainní Stáit/QQI, mar aon le himeachtaí dlíthiúla in aghaidh QQI/an Stáit, agus an dochar do chliú a ghabhfaidh leis.**

Maolaithe ag beartas agus nós imeachta chun bainistíocht tráthúil agus éifeachtach a dhéanamh ar dhúnadh soláthraithe agus ar neamhleanúnachas clár; monatóireacht leanúnach ar shocruithe PEL soláthraithe; plé leanúnach le DFHERIS ar fheidhmiú na reachtaíochta ar scéim náisiúnta PEL; bailíochtú agus ceadú dearbhaithe cáilíochta a tharraingt siar ó sholáthraithe nach gcomhlíonann ceanglais reachtacha maidir le PEL (Alt 65 d'Acht 2012).

Tá beartais ghnó agus struchtúir eagraíochtúla i bhfeidhm ag QQI chun cuid de na rioscaí seo a mhaolú agus déanann an Bord agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaí na riosca gaolmhara a athbhreithniú go rialta, a ath-mheasúnú

Cosaint Sonraí

Geallann QQI cearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint ar aon dul leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998 agus 2018. Foráiltear sna hAchtanna le haghaidh sonraí a bhailiú agus a úsáid ar shlí fhreagrach, agus chun úsáidí neamhiarrtha agus úsáidí dochracha sonraí a chosc. Déanann QQI maoirseacht ar leibhéal

comhlíonta na heagraíochta le cinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag QQI chun riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Freagraíodh iarratais ar rochtain ar shonraí pearsanta de réir mar is cuí, laistigh de na framaí ama reachtacha le linn 2020.

Nochtaí faoi Chosaint

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Nochtaí faoi Chosaint 2014 ar gach foras poiblí gnásanna a bhunú agus a choimeád maidir le nochtadh faoi chosaint

a dhéanfaidh oibrithe atá nó a bhí fostaithe ag foras poiblí agus faoin tslí a bpléifí leis na nochtaí sin.

Ní bhfuarthas tuairisc ó aon oibrí de chuid QQI faoin mBeartas um Nochtuithe faoi Chosaint sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2020.

Fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) tuairisc amháin faoi Alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 sa tréimhse dhá mhí dhéag go dtí an 31 Nollaig 2020. Níor fhostaí de chuid QQI a rinne an nochtadh seo agus bhain sé le hoibrí nó le hoibrithe a bhí fostaithe in aonán a thagann faoi chuimsiú QQI trínar féidir nochtadh den sórt sin a dhéanamh le duine forordaithe sa QQI faoi I.R. 339 de 2014. Rinneadh an nochtadh a scrúdú agus a thabhairt chun críche in 2020.

Gearáin i dtaobh na Seirbhíse

Ní bhfuair QQI aon ghearán i dtaobh na seirbhíse in 2020.

Rialuithe Inmheánacha

Tá bearta déanta ag QQI chun timpeallacht cuí rialaithe a chinntiú i dtaca le rioscaí a aithint agus a bhainistiú. Níor tharla aon sárú ar na rialuithe inmheánacha in 2020.

CÁS STAIDÉIR UM ATHBHUNÚ CAIDRIMH

3 - GRÚPA OILIÚNA NÁISIÚNTA SHEIRBHÍSÍ NA DARÁS ÁITIÚIL (LASNTG)



Tarraingíonn Grúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG) a bhallraíocht ó cheithre ghrúpa oiliúna náisiúnta:

- An Grúpa Oiliúna Seirbhísí Bóthair (RSTG)
- An Grúpa Oiliúna Seirbhísí Bóthair (RSTG)
- An Grúpa Oiliúna Seirbhísí Comhshaoil (ESTG)
- Grúpa Oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin (FSTG)

I measc na bhfoghlaimeoirí tá baill foirne ag gach grád údaráis áitiúil laistigh de na ceithre earnáil. Cuimsíonn próifíl éagsúil na bhfoghlaimeoirí oibríthe ginearálta, saoi, ceardaithe, tiománaithe, maoirseoirí, airígh, teicneoirí, innealtóirí, foireann riaracháin agus comhraiceoirí dóiteáin.

Cé gurb é príomhfhócas LASNTG oiliúint a sholáthar d'fhoireann údaráis áitiúil, soláthraíonn LASNTG oiliúint ar bhonn conartha do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí agus

do chonraitheoirí agus fostaithe san earnáil phríobháideach lena mbaineann in oibreacha ar bhóithre poiblí. Ina measc seo tá, mar shampla, Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Faoi láthair tairgeann LASNTG raon éagsúil clár creidiúnaithe agus neamh-chreidiúnaithe agus seachadann siad iad ag cúig Ionad Oiliúna Réigiúnacha (RTC) i gContaetha Thiobraid Árann, Mhaigh Eo, Dhún na nGall, Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath. Foireann an ionaid oiliúna, foireann údaráis áitiúil agus oiliúnóirí ar conradh oiliúna a sholáthraíonn an oiliúint. In 2019, bhí LASNTG freagrach as breis agus 33,000 lá oiliúna ar fud líonra RTC.

Ghnóthaigh LASNTG aitheantas FETAC in 2011, agus tá na cláir seo a leanas bailíochtaithe ag QQI ag Leibhéal NFQ 5-6:

- Oibríochtaí Gléasraí le haghaidh Cóireáil Uisce
- Oibríochtaí Gléasraí le haghaidh Cóireáil Fuíolluisce
- Oiriúnacht Láithreáin le haghaidh Cóireáil Fuíolluisce
- Oibríochtaí Comhrac Dóiteáin

Ina theannta sin, oibríonn LASNTG i gcomhpháirtíocht le IT Ceatharlach agus IT Sligeach chun tacú leis an raon clár oideachais agus oiliúna atá ar fáil ag Leibhéal 6 - 9 CNC ina réimsí saineolais.

Rinne LASNTG iarratas ar athbhunú caidrimh ar an 29 Aibreán 2020. Tugadh cuairt fhíorúil ar an suíomh idir an soláthraí agus painéal saineolaithe, faoi cheannas an Dr Annie Doona (Uachtarán Emeritus IADT), i mí Iúil 2020. D'aithin an painéal roinnt réimsí deachleachtais ina mheastóireacht ar chóras QA LASNTG, agus mhol sé an soláthraí ina leith sin. D'admhaigh an painéal, freisin,

an méid suntasach oibre a bhí i gceist le hullmhú agus cur isteach an iarratais ar athbhunú caidrimh. Rinne an painéal comhghairdeas le LASNTG as a rannpháirtíocht chuiditheach sa phróiseas athbhunú caidrimh.

Ag deireadh na cuairte fíorúla ar an suíomh, áfach, bhí imní ar an bpainéal go gcaithfeadh LASNTG aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheistanna scoite sula bhféadfadh an painéal ceadú nósanna imeachta QA an tsoláthraí a cheadú. Bhain siad seo le rialachas agus go háirithe leis an gcaidreamh leis na RTCanna agus le faisnéis a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar shuíomh Gréasáin an tsoláthraí.

Mar sin bhain an Painéal leas as an rogha a chinneadh a chur siar agus thug sé sé seachtaine do LASNTG chun díriú ar na saincheistanna a sainaithníodh, sular

tháinig sé le chéile arís chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadacht athcheartaithe an tsoláthraí.

Tar éis an athbhreithnithe deisce sin ar dhoiciméid athcheartaithe i Meán Fómhair 2020, bhí an painéal den tuairim gur oibrigh LASNTG go héifeachtach chun díriú ar ábhair imní an phainéil san idirlinn agus bhí áthas air moladh a dhéanamh don QQI dréacht-nósanna imeachta QA LASNTG a cheadú. Thairg an painéal comhairle don soláthraí freisin ar réimsí ina bhféadfadh sé a chóras QA a fheabhsú tuilleadh Cheadaigh PAEC nósanna imeachta QA LASNTG ag a chruinniú den 15 Deireadh Fómhair 2020.

Tá tuarascáil an phainéil agus freagra LASNTG ar fáil anseo: [Tuarascáil LASNTG um cheadú QA. LASNTG QA approval report.](#)

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1

Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú – Iarratais a Rinneadh in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	CEADAITHE	IDIR LÁMHA	AISTARRAINGTHE
Ardoideachas agus Oiliúint	5	0	3	2
Breisoideachas agus Oiliúint	4	1	3	0
Iomlán	9	1	6	2

Rochtain Tosaigh ar Bhailíochtú – Iarratais a Rinneadh roimh 2020 ach a tugadh chun críche in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	CEADAITHE	IDIR LÁMHA	AISTARRAINGTHE
Ardoideachas agus Oiliúint	4	3	1	0
Breisoideachas agus Oiliúint	0	0	0	0
Iomlán	4	3	1	0

AGUISÍN 2

Athbhunú caidrimh – Iarratais a rinneadh in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	CEADAITHE	IDIR LÁMHA	AISTARRAINGTHE
Ardoideachas agus Oiliúint	6	3	2	1
Breisoideachas agus Oiliúint	23	3	17	3
Iomlán	29	6	19	4

Athbhunú caidrimh – Iarratais a rinneadh roimh 2020 ach a lean ar aghaidh isteach in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	CEADAITHE	IDIR LÁMHA	AISTARRAINGTHE
Ardoideachas agus Oiliúint	10	10	0	0
Breisoideachas agus Oiliúint	10	8	2	0
Iomlán	20	18	2	4

AGUISÍN 3

Bailíochtú Nua – Iarratais a rinneadh in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	BAILÍOCHTAITHE	DIÚLTÚ BAILÍOCHTAITHE	IDIR LÁMHA
Ardoideachas agus Oiliúint	54	49	1	4
Breisoideachas agus Oiliúint	18	17	0	1
Iomlán	72	66	1	5

Bailíochtú Nua – Iarratais a rinneadh roimh 2020 ach a críochnaíodh in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	BAILÍOCHTAITHE	DIÚLTÚ BAILÍOCHTAITHE	IDIR LÁMHA
Ardoideachas agus Oiliúint	7	5	2	0
Breisoideachas agus Oiliúint	5	4	1	0
Iomlán	12	9	3	0

AGUISÍN 4

Bailíochtú Nua – Iarratais a rinneadh in 2020

EARNÁIL	IARRATAIS	BAILÍOCHTAITHE	IDIR LÁMHA
Ardoideachas agus Oiliúint	44	44	0
Breisoideachas agus Oiliúint	1	1	0
Iomlán	45	45	0

